Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9355/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0125 (NLE)**

**ECOFIN 620**
**UEM 168**
**FIN 692**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 248 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 248 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 248 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.5.2026
COM(2026) 248 final

2026/0125 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile

{SWD(2026) 132 final}

2026/0125 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Phortaingéil an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 22 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún don Chomhairle gur measúnú dearfach a dhéanfaí ar an bplean sin. An 13 Iúil 2021, d’fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme (‘Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle’).[2] Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023[3], an 8 Deireadh Fómhair 2024[4], an 13 Bealtaine 2025[5], an 29 Meán Fómhair 2025[6] agus an 12 Nollaig 2025[7].

(2) An 31 Márta 2026, chuir an Phortaingéil iarraidh réasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin togra a dhéanamh chun Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de dheasca imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an bPortaingéil.

***Leasuithe atá bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta a chuir an Phortaingéil isteach de dheasca imthosca oibiachtúla, baineann siad le 92 bheart.

---

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.
2 ST 10149/21 INIT; ST 10149/21 ADD 1 REV 1.
3 ST 13351/23 INIT; ST 13351/23 ADD 1 REV 1.
4 ST 13497/24 INIT; ST 13497/24 ADD 1.
5 ST 8055/25 INIT; ST 8055/25 ADD 1.
6 ST 12491/25 INIT; ST 12491/25 ADD 1.
7 ST 15796/25 INIT agus ST 15796/25 ADD 1.

(4) Tá sé mínithe ag an bPortaingéil go bhfuil dhá bheart nach féidir a bhaint amach a thuilleadh, de dheasca deacrachtaí teicniúla nach raibh coinne leo. Baineann sé sin le bearta C21-09 (Ionad ilfhreastail chun tionscadail fuinnimh in-athnuaite a cheadú agus faireachán a dhéanamh orthu) agus C21-i14 (Mearbhealach Busanna Braga). Ar an mbonn sin, tá sé iarrtha ag an bPortaingéil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir.

(5) Tá sé mínithe ag an bPortaingéil go bhfuil 24 bheart nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, de dheasca tubaistí nádúrtha, deacrachtaí teicniúla nach raibh coinne leo nó easpa éilimh. Baineann sé sin le bearta C01-i01 (Seirbhísí cúraim sláinte phríomhúil le níos mó freagraí), C01-i02 (Líonra Náisiúnta um Chúram Leanúnach Comhtháite agus Líonra Náisiúnta um Chúram Maolaitheach), C01-i03 (Tacaíocht d'athchóiriú meabhairshláinte), C01-i05-RAM (Tacaíocht do Sheirbhís Sláinte Réigiúnach Mhaidéara), C02-i02 (Malartú Náisiúnta Cóiríochta Práinní agus Sealadaí), C03-i02 (Inrochtaineacht 360), C05-i04-RAA (Athchaipitliú Chóras Gnó na nAsór), C05-i07-RAM (Ionstraimí caipitlithe do chuideachtaí i Maidéara), C05-i15-RAA (Ciste cothromais chun Córas Gnó na nAsór a athchaipitliú), C06-i01 (Modhnú institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna), C06-i06 (Acmhainneachtaí san Eolaíocht), C06-i09 (Scoileanna nua nó athchóirithe), C07-i00 (An líonra luchtaithe feithiclí leictreacha a leathnú), C07-i02 (Naisc atá in easnamh agus acmhainneacht an Líonra a mhéadú) C07-i06 (Limistéir Fáiltithe Gnó), C09-i03-RAM (Plean le haghaidh éifeachtúlacht uisce agus córais soláthair agus uiscithe i Maidéara, C10-i02 (An tAistriú Glas agus an tAistriú Digiteach agus an tSábháilteacht in Iascaigh), C10-i07 (Loingseoireacht Ghlas), C13-i02 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh rialtais nó i bhfoirgnimh phoiblí), C16-i02 (Aistriú Digiteach Fiontar), C16-i03 (Catalaíoch le haghaidh Aistriú Digiteach Fiontar), C17-i02 (Nuachóiriú chórais faisnéise an Údaráis Cánach agus Custaim le haghaidh cánachas maoine tuaithe), C19-i01 (Seirbhísí poiblí agus consalacha a athdhearadh), C21-i13-RAM (Dícharbónú an iompair). Ar an mbonn sin, tá sé iarrtha ag an bPortaingéil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir.

(6) Tá sé mínithe ag an bPortaingéil go bhfuil 20 beart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme sa chaoi go mbainfear amach an uaillmhian a bhí i gceist leis na bearta sin i dtús ama. Baineann sé sin le bearta C01-i04 (Limistéir ospidéil agus trealamh d'ospidéil a nuachóiriú agus a athchóiriú), C02-i03-RAM (Tithíocht shóisialta i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara), C02-i05 (Stoc tithíochta poiblí inacmhainne), C05-i05-RAA (Téarnamh Eacnamaíoch Thalmhaíocht na nAsór), C05-i08 (Níos mó Eolaíochta Digití), C06-i03 (Dreasacht do dhaoine fásta), C06-r14 (Athchóiriú ar ghairmoideachas agus gairmoiliúint), C08-i03 (Fálta bainistithe díchonnaidh - príomhlíonra), C09-i01 (Plean Réigiúnach na hAlgarve um Éifeachtúlacht Uisce), C09-i05 (Páirc Fótavoltach Alqueva), C12-i02 (Athchúrsáil agus aisghabháil dramhaíola), C14-i03-RAA (Aistrithe Fuinnimh sna hAsóir), C18-r33 (Ceartas eacnamaíoch agus timpeallacht ghnó), C18-i01 (Ceartas eacnamaíoch agus timpeallacht ghnó, C19-i05-RAM (Aistriú digiteach riarachán poiblí Mhaidéara), C19-i06-RAA (Aistriú digiteach an riaracháin phoiblí sna hAsóir), C2-i02-RAA (Oideachas digiteach (na hAsóir)) C21-i04-RAM (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh riaracháin phoiblí nó réigiúnaigh i Maidéara), C21-i03 (Beart uas-scálaithe: Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a úsáidtear san earnáil seirbhísí), C21-i17 (Scéim chun tacú le hidrigin in-athnuaite agus gáis in-athnuaite). Ar an mbonn sin, tá sé iarrtha ag an bPortaingéil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir.

(7) Tá sé mínithe ag an bPortaingéil go bhfuil 35 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme trína bhféadfar an t-ualach riaracháin a laghdú agus Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin a bhaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le bearta C01-i10 (Clár Nuachóirithe Teicneolaíochta NHS), C01-i11-RAA (Nuachóiriú agus athcháiliú na Seirbhíse Sláinte Réigiúnaí), C02-i07-RAA (Bonneagar do dháileachtaí talún le haghaidh tithíocht chónaithe), C03-i01 (Glúin nua trealaimh agus freagairtí sóisialta), C03-i03-RAM (Freagairtí sóisialta i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara), C03-i04-RAA (Straitéis Réigiúnach chun an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac - Líonraí Tacaíochta Sóisialta (ARA)), C03-i06 (Idirghabhálacha sóisialta i bpobail faoi mhíbhuntáiste i Limistéir Chathracha Liospóin agus Porto), C03-r38 (Simpliú an Chórais Slándála Sóisialta), C04-i01 (Líonraí Cultúrtha agus an tAistriú Digiteach), C04-i02 (Oidhreacht Chultúrtha), C05-i03 (Clár oibre taighde agus nuálaíochta don talmhaíocht inbhuanaithe, don bhia agus don agra-tionscal [Clár Oibre don Talmhaíocht 2030]), C05-i11 (Uas-scálú: Slógadh agus Cláir/Comhghuaillíochtaí Glasa don Nuálaíocht Ghnó ( (Iasachtaí)), C05-i13 (Aonaid taighde eolaíocha), C06-i05-RAA (Cáilíocht Aosach agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil), C07-i05-RAA (Ciorcaid Lóistíochta - Líonra Réigiúnach na nAsór), C07-i03 (Naisc thrasteorann agus inrochtaineacht na Limistéar Glactha Gnó), C08-i01 (Claochlú Tírdhreacha i Limistéir Foraoise Leochaileacha), C10-i04-RAA (‘Cluster do Mar dos Açores’), C10-i05-RAA (An tAistriú fuinnimh, an digitiú agus laghdú an tionchair ar an gcomhshaol san earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe), C10-i06-RAM (Teicneolaíochtaí aigéanacha), C12-01 (An bithgheilleagar), C12-r39 (An geilleagar ciorclach agus bainistiú dramhaíola), C13-i01 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe), C13-i03 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a úsáidtear san earnáil seirbhísí), C15-i08 (Leathnú Líonra Meitreo Porto a thógáil - Casa da Música-Santo Ovídio, céim na tógála), C16-i04 (Tionscal 4.0), C16-i05-RAA (Acmhainneacht Dhigiteach agus Claochlú Fiontar sna hAsóir), C16-i06-RAM (Fiontair 4.0), C17-r40 (Simpliú an Chórais Cánach), C19-i03 (An creat cibearshlándála foriomlán a threisiú), C19-i07 (Riarachán poiblí a bhfuil sé de chumhacht aige luach poiblí a chruthú), C19-i08 (Críocha cliste), C20-i03-RAM (Dlús a chur le digitiú an oideachais i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara), C21-r48 (Simpliú an chreata dhlíthiúil agus rialála is infheidhme maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite), C21-i16 (Iarnród Cáblach Nazaré). Ar an mbonn sin, tá sé iarrtha ag an bPortaingéil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir.

(8) Tar éis bearta a bhaint nó leibhéal a gcur chun feidhme a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, d’iarr an Phortaingéil úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh trí na bearta a bhaint agus tríd an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun beart nua amháin a chur leis an bplean. Baineann sé sin le beart C01-i13 (Cúram sláinte príomhúil - Ionaid sláinte). Thairis sin, tá sé iarrtha ag an bPortaingéil go ndéanfaí leibhéal chur chun feidhme 10 mbeart a ardú. Baineann sé sin le bearta C05-i14 (Nuálaíocht ghnó), C05-i06 (Caipitliú cuideachtaí agus athléimneacht airgeadais/Banco Portugues de Fomento), C08-i05 (An Clár um Níos Mó Foraoisí), C10-i01 (An Mol Gorm, Líonra Bonneagair don Gheilleagar Gorm), C14-i04 (Scéim deontais le haghaidh na hidrigine agus an gháis in-athnuaite), C15-i06 (Digitiú an Iompair Iarnróid), C19-i04 (Bonneagar digiteach criticiúil atá éifeachtúil, slán agus comhroinnte), C21-i02 (Beart um méadú: Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe), C21-i18 (Scéim chun tacú le solúbthacht agus stóráil an líonra), C21-i11-RAM (Córas dreasachtaí chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgeadh agus a

stóráil i Maidéara agus Porto Santo). Ar an mbonn sin, tá sé iarrtha ag an bPortaingéil go méadófaí leibhéal cur chun feidhme 10 mbeart agus go gcuirfí beart nua amháin leis an bplean. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir.

*Dáileadh cloch míle agus spriocanna*

(9) Dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna ina dtráthchodanna éagsúla, is rud é ba cheart a leasú chun go gcuirfear san áireamh na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Phortaingéil i láthair.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(10) Sainaithníodh ceithre earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear do trí sprioc agus do bheart amháin faoi cheithre chomhchuid. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 26 Bealtaine 2023, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Phortaingéil. Baineann na hearráidí cléireachais sin le sprioc 1.40 i mbeart C01-i04 (Limistéir ospidéil agus trealamh d'ospidéil a nuachóiriú agus a athchóiriú) faoi chomhchuid 1 (An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte), sprioc 14.17 i mbeart C14-i04 (Scéim Deontais le haghaidh na hidrigine agus an gháis in-athnuaite) faoi Chomhchuid 14 (Hidrigin agus Fuinneamh In-athnuaite), beart C15-i01 (Leathnú Líonra Meitreo Liospóin - Líne Dhearg go Alcântara, céim chonarthach) faoi chomhchuid 15 (Soghluaisteacht Inbhuanaithe) agus sprioc 21.32 i mbeart C21-i10-RAA (Córas dreasachtaí chun córas stórála fuinnimh in-athnuaite a cheannach agus a shuiteáil sna hAsóir) faoi chomhchuid 21 (REPowerEU). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú an Choimisiúin*

(11) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe de réir na gcritéar measúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Gan dochar suntasach a dhéanamh*

(12) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart (rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a chuimsítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sin, nach ndéanfaidh aon bheart dá leithéid dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(13) Chuir an Phortaingéil measúnú isteach i ndáil leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i gcás gach ceann de na hinfheistíochtaí nua. Na modhnuithe eile ar na bearta a cuimsíodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, níl tionchar acu ar an measúnú ar an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. De

[8] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj/gle).

réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid go meastar go n-áiritheofar leis an bplean modhnaithe nach ndéanfaidh aon bheart dochar suntasach de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

***Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU***

(14) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus ar éifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(15) Laistigh den chaibidil REPowerEU, cuirtear deireadh le dhá bheart (C21-09 Ionad ilfhreastail chun tionscadail fuinnimh in-athnuaite a cheadú agus faireachán a dhéanamh orthu) agus C21-i14 (Mearbhealach Busanna Braga) agus comhdhlúthaíodh an scéim tacaíochta le haghaidh gáis in-athnuaite (C21-i17) leis na scéimeanna tacaíochta i gComhchuid 14 (C14-i04) chun críoch simpliúcháin. An tráth céanna, rinneadh roinnt beart a uas-scálú amhail éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe (C21-i02) agus an scéim tacaíochta le haghaidh stóráil leictreachais (C21-i18).

***Rannchuidiú leis an aistriú glas, an bhithéagsúlacht san áireamh***

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, an bhithéagsúlacht san áireamh, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn uaidh sin. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, is é 37,93 % an sciar de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe atá i gceist leis, agus is é 99,31 % an sciar atá i gceist leis maidir le costais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU, costais a ríomhadh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021-2030.

(17) Ar an iomlán, de thoradh na ndifríochtaí idir an beart méadaithe agus na bearta laghdaithe ó thaobh ábhar clibeála aeráide de, fágann na leasuithe atá déanta ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile go bhfuil glanmhéadú 0,60 pointe céatadáin tagtha ar an rannchuidiú foriomlán le sprioc aeráide an phlean chéanna, ionas gur 37,93 % atá i gceist anois seachas 37,33 %. Meastar go laghdóidh bearta an phlean na hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus go n-éascóidh siad glacadh fuinnimh in-athnuaite agus go rannchuideoidh siad ar an gcaoi sin le spriocanna aeráide 2030 a bhaint amach agus leis an gcuspóir go mbeidh an tAontas aeráidneodrach faoi 2050.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn uaidh. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha, is é 22,32 % an sciar de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus

athléimneachta leasaithe atá i gceist leis, leithdháileadh a ríomhadh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(19) Ar an iomlán, de thoradh na ndifríochtaí idir an beart méadaithe agus na bearta laghdaithe ó thaobh ábhair clibeála digití de, fágann na leasuithe atá déanta ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile go bhfuil glanlaghdú 0,48 pointe céatadáin tagtha ar an rannchuidiú foriomlán le sprioc dhigiteach an phlean chéanna, ionas gur 22,32 % atá i gceist seachas 22,80 %. Leis an bplean modhnaithe, táthar ag rannchuidiú go mór leis an aistriú digiteach i gcónaí trí na nithe a leanas a dhéanamh, i measc nithe eile – cur le digiteáil an riaracháin phoiblí agus digiteáil fiontar, líon na seirbhísí digiteacha do shaoránaigh agus do ghnólachtaí a mhéadú, agus infheistíochtaí a dhéanamh i ríomhsheirbhísí sláinte agus i ndigiteáil na hearnála iompair.

*Costáil*

(20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(21) Sholáthair an Phortaingéil meastacháin costais aonair maidir leis na hinfheistíochtaí modhnaithe agus nua a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, meastacháin a bhraitheann ar laghdú nó méadú comhréireach, agus ar roinnt foinsí a thugann údar leo. Tá an fhaisnéis faoi chostais arna soláthar ag an bPortaingéil mionsonraithe agus réasúnaithe go leor den chuid is mó. Sholáthair an Phortaingéil meastacháin agus toimhdí ar chostais, lena n-áirítear mínithe ar na príomhspreagthaí agus ar na príomhathruithe ar chostais na mbeart modhnaithe agus ar a gcomhréireacht. Sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais agus ar na doiciméid tacaíochta, léirítear go bhfuil údar maith le formhór chostais na mbeart nua, agus go bhfuil siad réasúnta agus inchreidte. Ina theannta sin, tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach soláthartha ag an bPortaingéil chun a chruthú nach gcumhdaítear méid na gcostas iomlán measta le maoiniú ón Aontas atá ann cheana nó atá beartaithe. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

*Aon chritéir mheasúnaithe eile*

(22) Measann an Coimisiún nach ndéantar difear, leis na leasuithe arna gcur chun cinn ag an bPortaingéil, don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ST 10149/21 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean de réir na gcritéar measúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (db), (g), (h), (j) agus (k).

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

(23) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán Teicneolaíochtaí

Straitéiseacha don Eoraip (STEP)[9], , , mheas an Phortaingéil gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/795. Mheas an Phortaingéil, áfach, nach raibh aon tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta air le háireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe toisc go bhfuil cistiú faighte cheana féin ag cuid de na tionscadail sin ó fhoinsí Eorpacha eile seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Ina theannta sin, tionscadail a bhfuil Séala Ceannasachta acu nach bhfuil cistiú faighte acu go fóill, d'fhéadfaí iad a chistiú faoin mbeart nua C05-i14 Nuálaíocht ghnó sa phlean téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe.

***Measúnú dearfach***

(24) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá i dtaca le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(25) Is é EUR 21 905 333 169 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Portaingéile. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Phortaingéil, an ranníocaíocht airgeadais iomlán, arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, a leithdháilfear ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Portaingéile, EUR 16 325 113 960 ba cheart a bheith inti. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais atá á cur ar fáil don Phortaingéil.

***Iasachtaí***

(26) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Phortaingéil dar luach EUR 5 580 219 209.

(27) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a ionadú go hiomlán.

---

9 Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241, (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

10 Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

(28) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhféadfaí tabhairt faoi a bhainfeadh le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár eile de chuid an Aontais seachas an tSaoráid, nó aon nós imeachta a bhféadfaí tabhairt faoi a bhainfeadh le saobhadh ó thaobh oibriú an mhargaidh inmheánaigh de, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Portaingéile, measúnú a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile mar a leanas:

cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile.

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig Poblacht na Portaingéile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*